SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

# COMHAIRLE MAIDIR LE BEOSTOC DO LUCHT ÚSÁIDE CONAIRÍ

Tá cuid mhór conairí ar fheirmeacha gníomhacha, é sin le cead na n-úinéirí talún agus i gcomhar leo. I gcásanna áirithe, seans go mbeidh beostoc ar féarach ar thalamh atá mar chuid de chonair. Is tábhachtach an rud é do shiúlóirí an t-iompar cuí a léiriú má bhíonn siad ag siúl ar chonair a bhfuil beostoc uirthi.




Má tharlaíonn go bhfuil beostoc ar chonair, beidh comhartha i dtús na siúlóide de ghnáth.

**Agus tú ag siúl trí pháirc a bhfuil beostoc inti:**

- ✓ coinnigh súil orthu i gcónaí agus ná tabhair do chúl leo
- ✗ ná lig do leanaí beaga a bheith ag rith thart
- ✓ bíodh maide leat
- ✓ siúil go ciúin cúramach tharstu
- ✗ ná déan grúpa a scoilteadh
- ✓ fág na geataí mar atá siad (bíodh sin oscailte nó dúnta)



## MADRAÍ

- **Níl cead madraí a thabhairt ar chonairí má bhíonn beostoc ann.**
- **Faigh amach roimh ré an gceadaítear madraí a thabhairt ar an gconair.**

! Má thagann beostoc i do threo agus tú ar chonair, cas thart ina leith. Más gá, siúil cúpla céim ina dtreo, croith do sciatháin agus lig béic asat go muiníneach.

! Thar aon ní eile, ná cuir tú féin i mbaol. Má mhothaíonn tú faoi bhagairt, déan do dhícheall bealach sábháilte eile a aimsiú agus fill ansin ar an gcosán a luaithe is féidir.



**Má bhíonn deacracht ann le beostoc ar chonair, déan teagmháil le grúpa/gníomhaireacht bainistithe na conaire sin.**

**#CáchAmuighFaoinAer**